

Mínigh na cúiseanna le saintréithe cineál amháin d'aeráid dhomhanda a bhfuil staidéar déanta agat air. (2015 C22)

Sa fhreagra seo pléifidh mé Aeráid Mheánmhuirí.

Saintréith 1 - Saintréithe Ginearálta

Is í Aeráid Mheánmhuirí an ghnáthaeráid in Imchuach na Meánmhara. Is iad na tailte timpeall na Meánmhara an limistéar is mó ina bhfaightear an cineál aeráide seo, ach tá sé le fáil freisin sa chuid is mó de chósta California, i gcodanna d'Iarthar agus Deisceart na hAstráile, in iardheisceart na hAfraice Theas, i gcodanna den Áise Láir agus sa tSile Láir.

Baineann samhraí tirime agus triomaigh le hAeráid Mheánmhuirí, chomh maith le geimhrí atá idir chineálta agus tais. Tá sé suite idir 30/40° ó thuaidh agus ó dheas den mheánchiorcal.

Féachtar ar an aeráid seo mar thimpeallacht sheasmhach, le patrúin aimsire atá éasca le tuar. Bíonn thart ar 300 lá gréine ann sa bhliain mar gheall ar na cealla ardbhrú a fhanann os cionn an réigiúin seo, nó gar dó.

I measc mhórcheall ardbhrú fothrópaiceach na n-aigéan a bhfuil baint acu le criosanna aeráid Mheánmhuirí tá Ard na nAsór, Ard an Atlantaigh Theas, Ard an Atlantaigh Thuaidh agus Ard an Aigéin Indiaigh.

Gluaiseann na cealla ardbhrú seo i dtreo na bpol (thuaidh agus theas) i rith an tsamhraidh agus i dtreo an mheánchiorcail sa gheimhreadh. Bíonn ról mór acu i bhfoirmiú fásaigh fhothrópaiceacha agus thrópaiceacha an domhain, chomh maith le haeráid Imchuach na Meánmhara.

De ghnáth bíonn na limistéir seo suite ar an taobh thiar de na mórchríocha lena mbaineann siad.

Tá baint ag Ard na nAsór leis an aeráid Mheánmhuirí atá le fáil i nDeisceart na hEorpa agus i

dtuaisceart na hAfraice agus sa Sahára (chomh maith leis na hAsóir, na hOileáin Chanáracha agus Oileáin eile de chuid Oirthear an Atlantaigh). Tá an Fhrainc agus Sasana ag roinnt teorann leis an aeráid seo, an Fhrainc go háirithe.

Mar an gcéanna tá baint ag Ard an Atlantaigh Theas le Gaineamhlach na Namaibe agus leis an aeráid Mheánmhuirí sa chuid iartharach den Afraic Theas.

Baineann Arda an Aigéin Chiúin Thuaidh le Gaineamhlach Shonóra agus le haeráid California, agus tá baint ag Ard an Aigéin Chiúin Theas le Gaineamhlach Atacama agus le haeráid na Sile Láir.

Tá baint ag Ard an Aigéin Indiaigh le gaineamhlaigh iarthar na hAstráile (an Gaineamhlach Mór, Gaineamhlach Mór Victoria, agus Gaineamhlach Gibson) agus aeráid na Meánmhara san iardheisceart agus san iardheisceart na hAstráile

Saintréith 2 - Frasaíocht

Tá frasaíocht na haeráide seo sainiúil agus de ghnáth titeann sí idir paraiméadair rialta. De ghnáth ní bhíonn níos mó ná 800mm de bháisteach in aon bhliain amháin.

I rith an tsamhraidh, bíonn cealla ardbhrú fothrópaiceacha le haer tirim le fáil go flúirseach san aeráid Mheánmhuirí, rud a chiallaíonn gur beag an seans go mbeidh báisteach ann. Is féidir triomach suas le cúig mhí a bheith ann.

Ó tharla go bhfuil na gaotha aniar ó thuaidh de dhomhanleithid na Meánmhara ó dheireadh an earraigh go lár an fhómhair, bíonn na haeráidí Meánmhuirí seasmhach agus tirim mar gheall ar an aer tirim a thagann anuas ón gcill bhrú seo.

Sa gheimhreadh, buaileann aeráidí Meánmhuirí leis an scairdsruth polach agus sroicheann stoirmeacha tréimhsiúla bainteacha a fhad le domhanleithid ísle na gcriosanna Meánmhuirí. Tugann an scairdsruth seo báisteach, chomh maith le sneachta in airdí níos airde inar féidir dul ag sciáil m.sh. Sliabh Etna.

Mar thoradh air sin, bíonn formhór na taise a bhaineann leis an aeráid seo le fáil i séasúir an gheimhridh, an fhómhair agus an earraigh. Is féidir tréimhsí fada idir 4-6 mhí a bheith ann gan frasaíocht shuntasach i rith an tsamhraidh.

I dtreo na ndomhanleithead meánchiorclach, laghdaíonn frasaíocht an gheimhridh mar sciar den fhrasaíocht bhliantúil de réir mar a théann an aeráid i dtreo aeráid steipe an fhásaigh. Is minic a bhíonn an aeráid seo róthirim don talmhaíocht nach bhfuil uiscithe.

Is gnách go dtagann méadú ar an bhfrasaíocht iomlán i dtreo na ndomhanleithead polach; bíonn níos mó báistí ann sa samhradh in aeráid Mheánmhuirí na hEorpa in airdí níos airde. Ar an lámh eile, bíonn airdí níos ísle feadh chósta thiar na Stát Aontaithe beagnach gan bháisteach sa samhradh (ní bhíonn aon bháisteach i roinnt áiteanna), agus bíonn an séasúr tirim thar a bheith crua (bíonn gá le huisciú le talmhaíocht ar bith sa limistéar seo).

In Imchuach Iarthuaisceart na Meánmhara, tá an séasúr báistí roinnte idir uasmhéid príomha san fhómhar agus uasmhéid tánaisteach san earrach, rud a fhágann go mbíonn an séasúr tirim níos giorra ná in aeráid thipiciúil Mheánmhuirí.

Athraíonn an bháisteach, ag brath ar an airde nó ar thionchar na rilífe go háitiúil. Mar shampla, tá difear ann sa mhéid báistí a thiteann ar dhá thaobh na nAipiníní. Titeann 500mm de bháisteach ar an taobh thoir de na hAipiníní agus titeann 800mm ar an taobh thiar. Is féidir suas le 2,500mm de bháisteach titim i réigiúin shléibhtiúla. Is minic a thiteann sé seo i bhfoirm sneachta.

Saintréith 3 - Teochtaí

Le linn mhíonna an gheimhridh, bíonn teocht sách séimh ag formhór na réigiún a mbaineann aeráid Mheánmhuirí leo. Bíonn na samhraí thar a bheith te. Mar sin féin, is féidir le teochtaí an gheimhridh agus an tsamhraidh athrú go mór idir réigiúin éagsúla a bhfuil aeráid Mheánmhuirí acu.. Tá na meánteochtaí idir 12-29°C.

Mar shampla, bíonn aimsir chineálta i Liospóin agus i Los Angeles sa gheimhreadh. Is fíor annamh a bhíonn sioc agus sneachta le feiceáil sna háiteanna seo. Bíonn an geimhreadh níos fuaire i gceantair eile na Meánmhara, áiteanna a mbíonn sioc agus sneachta ann gach bliain m.sh. crios oirthearach na Meánmhara, gar don Tuirc.

I rith an tsamhraidh bíonn an teocht chomh hard le 48°C san Aithin. Ar an lámh eile, bíonn na samhraí níos fuaire i San Francisco. Bíonn an teocht is airde thart ar 21°C in San Francisco sa samhradh mar gheall ar thonnadh aníos na n-uiscí fuara fodhromchla feadh an chósta, rud a tháirgeann ceo rialta samhraidh.

Toisc go bhfuil an chuid is mó de na réigiúin a bhfuil aeráid Mheánmhuirí acu gar do limistéir mhóra uisce, bíonn na teochtaí measartha go ginearálta le raon beag teochta idir teocht íseal an gheimhridh agus ardteocht an tsamhraidh (é sin ráite, bíonn an raon laethúil teochta mór sa samhradh mar gheall ar an aimsir thirim agus shoiléir, ach amháin i limistéir feadh na gcósta).

Ní minic a théann an teocht faoin reophointe sa gheimhreadh, rud a chiallaíonn gur annamh a fheictear sneachta. Sa samhradh, bíonn na teochtaí idir séimh agus an-te, ag brath ar an bhfad ó limistéar mór uisce, airde agus domhanleithead.

Fiú amháin sna háiteanna is teo a bhfuil aeráid Mheánmhuirí acu, ní minic a bhíonn an teocht chomh hard leis an teocht a bhíonn sna réigiúin fásaigh in aice láimhe mar gheall ar fhuarú ó limistéir uisce. Is féidir le gaotha láidre ó réigiúin fásaigh intíre teochtaí an tsamhraidh a ardú, áfach. Mar shampla, cuireann gaotha Sireacó, a shéideann aníos ón Sahára go mór le baol loscadh sléibhe.

Bíonn éifeacht mhór ag tonnadh aníos na n-aigéan ar an teocht i mórchríocha a mbaineann an aeráid seo leo. Is féidir ceo mara a bheith ann i gceantair ina bhfuil cóstaí fada gan bhriseadh. Bíonn neart ceo sa cheantar thart ar San Francisco. Seoltar an ceo seo tríd an gcuán de bharr thonnadh aníos an uisce. Ní tharlaíonn sé seo chomh minic céanna sa Mheánmhuir ná in Perth na hAstráile.

Saintréith 4 - Fásra

Caithfear fásra dúchasach thailte aeráide Meánmhara dul in oiriúint chun maireachtáil le linn triomach fada te an tsamhraidh agus tréimhsí fada fliucha sa gheimhreadh.

I measc fhásra na Meánmhara tá crainn shíorghlas: cosúil le labhras, péine, cufróg agus dair a fhásann go nádúrtha timpeall na haeráide seo. I measc na bplandaí móra tá crainn dhuillsilteacha, seiceamar agus dair mar shampla.

Samhlaítear crainn toraidh ar a bhfástar ológa, figí, gallchnónna agus caora fíniúna leis an réigiún seo chomh maith. Anuas air sin, fásann toir go fiáin sa réigiún seo, labhandar agus marós mar shampla.

Glanadh amach go leor den fhásra dúchasach in áiteanna a bhfuil aeráid Mheánmhuirí ann, ar

mhaithe leis an talmhaíocht. In áiteanna ar nós Ghleann Sacramento i California tá diantalmhaíocht á déanamh le céad bliain anuas. Rinne draenáil na riasc agus na n-inbhear, chomh maith le huisciú breise i nGleann San Juaquin, an diantalmhaíocht seo a éascú.

Mar an gcéanna athraíodh cuid mhaith den Overberg, réigiún i Rinn Deiscirt na hAfraice Theas, a bhí clúdaithe le Renosterveld (príomhchineál planda agus fásra). Úsáidtear an réigiún seo don talmhaíocht anois, fás cruithneachta go príomha. Is éiceachóras d'aeráid Mheánmhuirí é.

Tá éiceachórais níos inbhuanaithe sna ceantair shléibhtiúla agus ceantair atá taobh cnoic, áiteanna atá i bhfad ó shraoilleáil uirbeach. Fásann crainn ológ, labhróg agus labhrais sna háiteanna seo.

Tá cáil ar fhásra Fynbos i Rinn Iardheiscirt na hAfraice Theas mar gheall ar an éagsúlacht flóra agus fauna sa cheantar.

Fásann ceilpeanna móra sna haigéin amach ó na réigiúin seo. Téann an fásra ar an mórthír in oiriúint don aeráid trí dhuilleoga gearra céiriúla a fhorbairt, a choinníonn uisce le linn triomaigh.

D'fhorbair na plandaí socfhréamhacha fada freisin chun teacht ar uiscígh dhoimhne. Scaoileann na plandaí seo síolta nach ndéantar péacadh orthu mura bhfuil uisce ann, mar sin is féidir leo fanacht faoi shuan sa talamh ar feadh tréimhsí fada.